2024/1838

28.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1838 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/386 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/386.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó Hamas agus ó Jiohád Ioslamach na Palaistíne, ba cheart seisear agus trí eintiteas a chur leis na liostaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/386 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

H. LAHBIB

([1]) IO L, 2024/386, 19.01.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/386/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘7.	Jamil Yusuf Ahmad Aliyan	Dáta breithe: 1.1.1955 Náisiúntacht: Palaistíneach Inscne: fireann Feidhm: Oifigeach de chuid Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ceannaire Fhondúireacht Muhjat AlQuds	Is oifigeach de chuid Jiohád Ioslamach na Palaistíne (PIJ) é Jamil Yusuf Ahmad Aliyan agus is é ceannaire Fhondúireacht Muhjat AlQuds é. Eagraíocht atá á stiúradh ag PIJ agus á maoiniú ag an Iaráin is ea Fondúireacht Muhjat AlQuds agus is é an príomh-mhisean atá aici tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do theaghlaigh throdaithe agus phríosúnaigh PIJ. Ina theannta sin, bhí Aliyan ar choiste feidhmiúcháin PIJ, agus ar an gcaoi sin rinne sé maoirseacht ar airgeadas PIJ. Dá bhrí sin, bíonn Jamil Yusuf Ahmad Aliyan rannpháirteach i maoiniú PIJ.	28.6.2024
8.	Ahmed Sharif Abdallah Odeh	Dáta breithe: 20.2.1951 Áit bhreithe: An Iordáin Náisiúntacht: Iordánach Inscne: fireann Feidhm: Iarbhainisteoir infheistíochtaí eachtracha Hamas agus rapóirtéir reatha do Chomhairle Shura	Tá Ahmed Sharif Abdallah Odeh i gceannas ar ghníomhaíochtaí infheistíochta eachtraí Hamas. Tá baint aige le punann infheistíochta eachtraí an ghrúpa le blianta anuas. Bhí sé i gceannas ar dtús ar bhainistiú laethúil na punainne infheistíochta, agus anois déanann sé maoirseacht uirthi thar ceann Chomhairle Shura Hamas. Ina theannta sin, is scairshealbhóir agus comhalta boird é de roinnt cuideachtaí caocha de chuid Hamas. Dá bhrí sin, bíonn Ahmed Sharif Abdallah Odeh rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
9.	Ali Morshed Shirazi	Dáta breithe: 7.2.1969 Áit bhreithe: Najaf, an Iaráic Náisiúntacht: Iaránach Inscne: fireann Feidhm: Oifigeach sinsearach de chuid Fhórsa Quds Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí	Is oifigeach sinsearach de chuid Fhórsa Quds Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC-QF) é Ali Morshed Shirazi atá ag feidhmiú mar Cheann Biúró Chraobh na Palaistíne, atá ag oibriú ón Liobáin. Cuireann IRGC-QF tacaíocht airgeadais ar fáil, chomh maith le hoiliúint, faisnéis, agus cineálacha eile cúnaimh, do Hamas agus do Jiohád Ioslamach na Palaistíne (PIJ). Laistigh dá eagraíocht, tá Shirazi i gceannas ar an aonad faireacháin agus rialaithe atá freagrach as oibríochtaí míleata a chur i gcrích. In éineacht le Sa'id Izadi, ceannaire Chraobh na Palaistíne de IRGC-QF, ritheann sé an Cibearaonad freisin, a thacaíonn le hoibríochtaí Hamas trí fhaisnéis a bhaint as fóin saighdiúirí Iosraelacha. Thairis sin, d'iarr sé cúnamh ar aonad teicniúil IRGC-QF (Aonad 340) chun tacú le PIJ. Dá bhrí sin, bíonn Ali Morshed Shirazi rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus PIJ a chumasú.	28.6.2024
10.	Zuheir Shamlakh	Dáta breithe: 15.11.1980 Náisiúntacht: Palaistíneach Inscne: fireann Feidhm: Malartóir airgid Hamas agus éascaitheoir airgeadais le haghaidh criptea-airgeadraí	Is éascaitheoir airgeadais agus malartóir airgid é Zuheir Shamlakh a éascaíonn aistrithe airgeadais ón Iaráin go Hamas. Úsáideann sé a chuid cuideachtaí, Al-Markaziya li-Siarafa agus Arab China Trading Company, chun cistí a threorú chuig Briogáidí Izz al-Din al Qassam, sciathán míleata Hamas. Bhí ról lárnach ag Zuheir Shamlakh san aistriú a rinne Hamas i dtreo criptea-airgeadraí ionas nach mbraithfeadh údaráis Iosrael iad. Dá bhrí sin, bíonn Zuheir Shamlakh rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
11.	Ismail Barhoum	Dáta breithe: 23.12.1968 Áit bhreithe: Rafah Náisiúntacht: Palaistíneach Inscne: fireann Feidhm: Comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas in Gaza agus dá Chomhairle Rialaithe Shura, Ceann Chomhlachas Institiúidí Carthanachta Hamas	Tá Ismail Barhoum ina chomhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas agus de Chomhairle Shura Hamas. Is é Ceann Chomhlachas Institiúidí Carthanachta Hamas é freisin, a dhéanann maoirseacht ar 400 carthanas. Úsáidtear na heagraíochtaí carthanachta sin chun cistí a sheoladh chuig Hamas. Dá bhrí sin, bíonn Ismail Barhoum rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024
12.	Maher Rebhi Obeid	Dáta breithe: 10.3.1958 Áit bhreithe: Amman, an Iordáin Náisiúntacht: Palaistíneach Inscne: fireann Feidhm: Ceannaire polaitiúil Hamas agus comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas	Tá Maher Rebhi Obeid ina chomhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ó 2010 i leith. Tá Obeid i gceannas ar Cheanncheathrú Hamas ar an mBruach Thiar, atá freagrach as oibreoirí sceimhlitheoireachta Hamas a stiúradh ar an mBruach Thiar, as ionsaithe sceimhlitheoireachta a stiúradh, as bonneagar sceimhlitheoireachta a thógáil agus as treoracha a eisiúint maidir le hionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne Iosrael agus Údarás na Palaistíne. Dá bhrí sin, bíonn Maher Rebhi Obeid rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foréigneacha Hamas a phleanáil agus a ullmhú, agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de shlándáil Iosrael, agus lena mbagraítear uirthi, agus cuireann sé na gníomhaíochtaí sin chun feidhme, faoi ainm Hamas.	28.6.2024’

(2) cuirtear an fo-cheannteideal seo a leanas agus na hiontrálacha seo a leanas leis:

'B. Daoine dlítheanacha, grúpaí, eintitis agus comhlachtaí

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Zawaya Group for Development and Investment Co Ltd Ar a dtugtar freisin: Zawaya Group Co; Zawaya Group for Development and Investment; Zawaya Group for Development and Investment Co; Zawaya Group for Development and Investment Company	Réigiún ghníomhaíochta: An tSúdáin Úinéir agus cathaoirleach: Hamza Abdelbasit	Is cuideachta Shúdánach é Zawaya Group for Development and Investment Co Ltd. Tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú Abdelbasit Elhassan Mohamed Khair Hamza, duine de mhaoinitheoirí Hamas, agus tá sé nasctha le punann infheistíochta Hamas. Chuir an t-eintiteas cuideachtaí caocha ar bun do Hamas chun conarthaí rialtais a fhorghníomhú agus bhain Abdelbasit Elhassan Mohamed Khair Hamza úsáid as chun cuid dá infheistíochtaí brabúsacha eile a shealbhú, infheistíochtaí a úsáidtear chun Hamas a mhaoiniú. Dá bhrí sin, bíonn Zawaya Group for Development and Investment Co Ltd rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024
2.	Al Zawaya Group for Development and Investment Sociedad limitada	Réigiún ghníomhaíochta: An Spáinn Úinéir agus cathaoirleach: Hamza Abdelbasit	Is cuideachta eastáit réadaigh Spáinneach é Al Zawaya Group for Development and Investment Sociedad limitada. Tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú Abdelbasit Elhassan Mohamed Khair Hamza, duine de mhaoinitheoirí Hamas, cuireann sé ar a chumas siúd a chuid gníomhaíochtaí a dhéanamh, agus tá sé nasctha le punann infheistíochta Hamas. Feidhmíonn sé mar chuideachta chaoch chun sruthanna airgeadais Hamas a éascú. Dá bhrí sin, bíonn Al Zawaya Group for Development and Investment Sociedad limitada rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
3.	Larrycom for Investment Ltd.	Réigiún ghníomhaíochta: An tSúdáin Úinéir agus cathaoirleach: Hamza Abdelbasit	Is cuideachta Shúdánach é Larrycom for Investment Ltd. Tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú Abdelbasit Hamza, duine de mhaoinitheoirí Hamas, trí Zawaya Group for Development and Investment Co. Ltd. Ar na tionscail a ndéanann Larrycom infheistíocht iontu, tá an teileachumarsáid an tógáil, agus acmhainní nádúrtha ríthábhachtacha ar nós ola, ór agus guma. Gineann Larrycom ioncam óna infheistíochtaí, a úsáideann Abdelbasit Elhassan Mohamed Khair Hamza ansin chun Hamas a mhaoiniú. Dá bhrí sin, bíonn Larrycom for Investment Ltd. rannpháirteach i maoiniú Hamas.	28.6.2024’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1838/oj